

**Scéal**


**Story**

(le Seán Beattie)

1. Mhair bandraoi léi féin fadó ar oileán i Loch an Dúin.	The druidess lived by herself on an island in Loughadoon.
2. In iardheisceart Dhún na nGall atá an t-oileáinín uaigneach sin.	That lonely little island is in southwest Donegal.
3. Istigh i lios de chuid Chlann Uí Bhaoill a bhí cónaí uirthi.	She lived in a dwelling of the O'Boyles.
4. Bhí bó aici darbh ainm Donn agus damhán alla darbh ainm Dána.	She had a cow named Donn and a spider named Dana.
5. Ba í Donn an t-aon bhó ar an oileán.	Donn was the only cow on the island.
6. Gach maidin le héirí gréine thagadh an bandraoi amach chun an bhó a bhleán.	Every morning with the sunrise the druidess would come out to milk the cow.
7. Níor thaitin solas na gréine leis an bhandraoi.	The druidess didn't like the sunlight.
8. Chomh luath agus a bhí an bhó blite aici ar ais chuig an lios dorcha léi.	As soon as she had milked the cow, she would go back into the dark dwelling.
9. Nach aisteach an saol a bhí aici.	Didn't she have a strange life.
10. Í ag caint léi féin, nó le Dána.	Talking to herself, or to Dana.
11. Ag an am sin bhí drochnós ag na sióga – an bainne a ghoid ó na ba.	At that time the fairies had a bad custom – to steal the milk from the cows.
12. Is ar bhainne amháin a mhair Bandraoi Loch an Dúin.	The druidess of Loughadoon lived on milk alone.
13. Mar sin bhí sí i gcónaí san airdeall ionas nach dtiocfadh na sióga i ngar dá bó, Donn.	So she was always watchful so that the fairies wouldn't come close to her cow, Donn.

14. Le teacht na hoíche ba ghnách léi amharc ar Dhonn ar feadh cúpla bomaite, a lámh a ardú agus na focail rúnda seo a rá os íseal: Cum cang cung! Cum cang cung!	With the coming of night, she would look at Donn for a few minutes, raise her hand and say these secret words quietly: Cum cang cung! Cum cang cung!
15. Níl a fhios ag Críostaí ar bith cad is brí leis na focail sin.	No Christian at all knows what the meaning of those words.
16. Ach bhí draíocht iontu, bhí.	But there was magic in them, there was.
17. Bhí an t-oileán ar fad faoi dhraíocht!	The whole island was enchanted!
18. Bhí an damhán alla, Dána, faoi dhraíocht.	The spider, Dana, was enchanted.
19. Tar éis di na focail sin a rá – Cum cang cung! Cum cang cung! – rinne an bandraoi codladh sámh ansin agus a fhios aici nár bhaol do Dhonn go maidin.	After she said those words – Cum cang cung! Cum cang cung! – the druidess slept well knowing that Donn was not in danger until morning.
20. Agus chodail Donn go sámh ... Chodail, leoga, mar bhí cumhacht ag an bhandraoi chun Donn a iompú ina cloch!	And Donn slept well ... She slept, indeed, because the druidess had the power to turn Donn into a rock!
21. Agus is ina cloch a bheadh sí go maidin.	And she would be a rock until morning.

1



<b>a haon</b>	<b>number one</b>
oileán / oileáin	island(s)
trá	beach
farraige	sea
gaineamh	sand
crann pailme	palm tree
cnó cócó / cócónut	coconut
tonn / tonnta	wave(s)
spéir	sky
gorm	blue

Cad atá sa phictiúr?  
What's in the picture?  
Cén saghas crann a fheiceann tú?  
What kind of trees do you see?  
Cén torthaí a fhásann ar na crainn?  
What fruit grows on the trees?  
Cén dath atá ar an spéir?  
What color is the sky?  
An raibh tú riamh i Hawaii?  
Were you ever in Hawaii?

2



<b>a dó</b>	<b>number two</b>
teach / tithe	house(s)
fuinneog / fuinneoga	window(s)
doras / doirse	door(s)
veain / veaineanna	van(s)
dearg	red
glas	green
ceithre cinn	four (of them)
cnoc / cnoic	hill(s)
sreang	wire

Cé mhéad fuinneog atá ar ann?  
How many windows are there?  
Cad atá os comhair an tí?  
What's in front of the house?  
Cad atá taobh thiar den teach?  
What's behind the house?  
Cad atá os cionn an tí?  
What's above the house?  
Cén saghas tí atá agat?  
What kind of house do you have?

3



<b>a trí</b>	<b>number three</b>
sióg / sióga	fairy / fairies
daoine maithe	good people
rós / rósanna	rose(s)
sciathán / sciatháin	wing(s)
duilleog / duilleoga	leaf / leaves
ina súi	sitting
eitilt	to fly
cleas / cleasanna	trick(s)
imirt	to play

Cé a fheiceann tú sa phictiúr?  
Who do you see in the picture?  
Cad atá sí ag déanamh?  
What is she doing?  
An bhfuil sí in ann eitilt?  
Can she fly?  
Cá bhfios duit?  
How do you know?  
An bhfuil na sióga ann i ndáiríre?  
Are there really fairies?


4



<b>a ceathair</b>	<b>number four</b>
feirm / feirmeacha	farm(s)
ainmhí / ainmhithe	animal(s)
bó / ba	cow(s)
capall / capaill	horse(s)
muc / muca	pig(s)
caora / caoirigh	sheep
gabhar / gabhair	goat(s)
bothán / botháin	cabin / shed
ina seasamh	standing

Cad a fheiceann tú sa phictiúr?  
What do you see in the picture?  
Cad atá siad ag déanamh?  
What are they doing?  
Cad a fhaighimid ó ainmhithe?  
What do we get from animals?  
An raibh tú riamh ar fheirm?  
Were you ever on a farm?  
An ólann tú bainne?  
Do you drink milk?

5



<b>a cúig</b>	<b>number five</b>
nathair (nimhe)	snake
nathracha (nimhe)	snakes
damhán alla	spider
damháin alla	spiders
eagla	fear
nimhneach	poisonous
cos / cosa	foot / feet
dubh	black
feithid / feithidí	insect(s)
luchóg / luchóga	mouse / mice

An bhfuil damháin alla nimhneach?  
Are spiders poisonous?  
Cé mhéad cos atá ar dhamhán alla?  
How many feet does a spider have?  
An bhfuil nathracha maith?  
Are snakes good?  
Cad a itheann nathracha nimhe?  
What do snakes eat?  
An bhfuil eagla ort roimh damháin alla?  
Are you afraid of spiders?  
Ar phioc tú suas nathair riamh?  
Did you ever pick up a snake?